

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1233 ÓN gCOIMISIÚN**an 18 Iúil 2022****lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 lena bhforchuirtear dleachtanna cinntitheacha frithdhumpála ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾ (“an bun-Rialachán”), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA**1.1. Na bearta atá i bhfeidhm**

- (1) Is iad atá sna bearta atá i bhfeidhm faoi láthair dleachtanna cinntitheacha frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún ⁽²⁾ maidir le hallmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte (“na bearta bunaidh”).
- (2) Tá an táirge atá faoi imscrúdú faoi réir dleacht chinntitheach frithchúitimh freisin arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ón gCoimisiún ⁽³⁾. Níl an dleacht frithchúitimh faoi réir an ath-imscrúdaithe sin, áfach.

1.2. Iarraidh ar ath-imscrúdú agus tionscnamh ionsúcháin

- (3) Fuair an Coimisiún iarraidh ar ath-imscrúdú ionsúcháin ar na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm maidir le hallmhairí ón Éigipt (“an tír lena mbaineann”) de bhun Airteagal 12 den bhun-Rialachán.
- (4) Rinne TECH-FAB Europe e.V., comhlachas de tháirgeoirí AE fabraicí snáithíní gloine (“GFF”) (“na hiarratasóirí”), an iarraidh a thaisceadh an 18 Deireadh Fómhair 2021, a tháirgeann níos mó ná 25 % de tháirgeacht GFF iomlán an Aontais.
- (5) Tá dóthain fianaise curtha isteach ag na hiarratasóirí lena léirítear gur tháinig laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin na hÉigipte tar éis na chéad tréimhse imscrúdaithe. Is cosúil gur chuir an laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin ón Éigipt bac ar na héifeachtaí feabhais a bhí beartaithe do na bearta atá i bhfeidhm. Thug an fhianaise atá san iarraidh le fios nach féidir an laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin a mhíniú le laghdú ar phraghas an amhábhair agus ar na costais móra eile ná le hathrú ar tháirgí measctha.

1.3. An t-imscrúdú frithdhumpála a athoscailt

- (6) An 1 Nollaig 2021, d’fhógair an Coimisiún go n-athosclofaí an t-imscrúdú frithdhumpála trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (“an Fógra um Athoscailt”) ⁽⁴⁾.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna cinntitheacha frithdhumpála ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte (IO L 108, 6.4.2020, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna cinntitheacha frithchúitimh ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/492 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear bearta cinntitheacha frithdhumpála ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte (IO L 189, 15.6.2020, lch. 1).

⁽⁴⁾ Fógra um athoscailt an imscrúdaithe frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh na hÉigipte (IO C 483, 1.12.2021, lch. 29).

- (7) Bhain an t-ath-imscrúdú leis an dleacht frithdhumpála 20 % atá ann faoi láthair agus atá á forchur ar Jushi Egypt For Fiberglass Industry S.A.E (“Jushi Egypt”), Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics S.A.E. (“Hengshi Egypt”) (dá ngairtear “CNBM Group” i dteannta a chéile) agus “Gach cuideachta eile” mar a leagtar amach in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ⁽⁵⁾.

1.4. Páirtithe leasmhara

- (8) San Fhógra um Athoscailt, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, is iad na hiarratasóirí, na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus na hallmhairteoirí arb eol iad a bheith bainteach agus údarais na tíre lena mbaineann a chuir an Coimisiún ar an eolas go sonrach faoin ath-imscrúdú ionsúcháin agus d'iarr sé orthu páirt a ghlacadh ann.
- (9) Tugadh an deis do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí tráchtála.

1.5. Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann atá le hath-imscrúdú

- (10) Chun go bhféadfaidh an Coimisiún a chinneadh an mbeadh gá le sampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán i ndáil leis na táirgeoirí sa tír lena mbaineann, iarradh ar na páirtithe sin iad féin a chur in iúl agus an fhaisnéis a iarradh san Fhógra um Athoscailt a chur ar fáil don Choimisiún. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na hÉigipte chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí eile a shainathint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Mar sin féin, ós rud é nár tháinig aon táirgeoir eile chun tosaigh ach Jushi Egypt agus Hengshi Egypt, ní raibh gá le sampláil.

1.6. Allmhairteoirí neamhghaolmhara a sampláil

- (11) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhairteoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra um Athoscailt a sholáthar. Níor tháinig aon cheann de na hallmhairteoirí neamhghaolmhara chun tosaigh agus dá bhrí sin ní raibh gá le sampláil.

1.7. Freagraí ar na ceistneoirí agus ar na fíoruithe

- (12) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Jushi Egypt agus Hengshi Egypt, a d'fhreagair siad.
- (13) D'iarr an Coimisiún an fhaisnéis ar fad a mheastar a bheith riachtanach chun críche an ath-imscrúdaithe sin. I bhfianaise ráig COVID-19, ní raibh an Coimisiún in ann cuairteanna fíorúcháin a thabhairt de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ar áitreabh Jushi Egypt, Hengshi Egypt agus ar áitreabh an trádálaí a bhaineann le Hengshi Egypt, Huajin Capital Limited i Hong Cong. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil go cianda ar fhaisnéis uile na dtír chuideachta sin a measadh a bheith riachtanach dá chinntí, i gcomhréir lena Fhógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ⁽⁶⁾.
- (14) Ina theannta sin, tugadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ar áitreabh na n-allmhairteoirí/na trádálaithe seo a leanas a bhaineann le Jushi Egypt/Hengshi Egypt:
- Jushi France S.A.S, an Fhrainc
 - JUSHI SPAIN, S.A., an Spáinn

1.8. An tréimhse a chumhdaítear leis an ath-imscrúdú ionsúcháin

- (15) Ba é an 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 an tréimhse ath-imscrúdaithe ionsúcháin (“AIP”). Ba é an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018 an tréimhse ath-imscrúdaithe bunaidh (“OIP”).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776.

⁽⁶⁾ Fógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (IO C 86, 16.3.2020, lch. 6).

1.9. Barúlacha maidir le tionscnamh

- (16) Tar éis thionscnamh an ath-imscrúdaithe sin, chuir Rialtas na hÉigipte (“GoE”) in iúl nach mbeadh ath-imscrúdú faoi Airteagal 12 den bhun-Rialachán ag luí le Comhaontú Frithdhumpála na hEagraíochta Domhanda Trádála (ADA). Mhaígh GoE (i) nach ndéantar foráil maidir le haon athbhreithniú den sórt sin faoi fhorálacha EDT; (ii) nach mbeadh Airteagal 12(3) den bhun-Rialachán ag luí le hAirteagal 9.1 de ADA a mhéid nach féidir dleacht níos ísle a fhorchur mar thoradh ar ath-imscrúdú den sórt sin agus (iii) nach dtiocfadh bearta arna bhforchur tar éis ath-imscrúdaithe i gcomhréir le hAirteagal 12 den bhun-Rialachán faoi réim na n-eisceachtaí a dheonaítear le hAirteagal XX(d) de CGTT 1994.
- (17) Mhaígh GoE freisin, i gcodarsnacht leis na hoibleagáidí faoi Airteagal 11(3) de ADA, nach gá imscrúdú a dhéanamh ar dhíobháil i gcomhréir le hAirteagal 12 den bhun-Rialachán.
- (18) Thug an Coimisiún dá aire nach ndéantar foráil go sainráite maidir le ADA i ndáil leis an deis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcorrlach dumpála d’fhonn ionsú dleachtanna frithdhumpála a chur san áireamh, rud a chiallaíonn go mbeadh an t-athbhreithniú sin neamh-chomhsheasmhach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. A mhalairt ar fad, díritear san athbhreithniú sin ar chinneadh a dhéanamh maidir le corrlach dumpála chun a áirithiú gur féidir le leibhéal na ndleachtanna deireadh a chur le héifeachtaí na dumpála díobhálaí go leordhóthanach agus, dá bhrí sin, tá údar leis an athbhreithniú faoi Airteagal 11.1 agus Airteagal 11.2 de ADA, agus tá sé i gcomhréir iomlán le rialacha infheidhme ADA lena n-áirítear Airteagal 2.
- (19) A mhéid a bhaineann leis an maíomh faoi Airteagal 12(3) den bhun-Rialachán, tugtar faoi deara nár suíodh corrlach dumpála níos ísle le haghaidh allmhairí GFF ón Éigipt leis an ath-imscrúdú seo. Dá bhrí sin, níl an t-éileamh ábhartha.
- (20) Maidir leis an gceanglas gur cheart don imscrúdú dumpáil agus díobháil a chumhdach, murab ionann agus athbhreithnithe faoi Airteagal 11(3), tá Airteagal 12 teoranta d’ath-imscrúdú a dhéanamh ar na corrlaigh dumpála amháin. Ar aon nós, san imscrúdú seo rinne an Coimisiún athbhreithniú ar leibhéal an díothaithe díobhála chun na rialacha ábhartha maidir le leibhéal na dleachta a chomhlíonadh ina n-iomláine.
- (21) Mhaígh GoE freisin go raibh an éifeacht cheartaitheach a bhí beartaithe ag na bearta a bhí i bhfeidhm agus mar gheall ar an laghdú suntasach ar líon na n-allmhairí GFF idir 2018 agus 2020, cruthaíodh nach raibh aon chleachtas ionsúcháin ag na honnmhaireoirí. Mar fhreagra ar an nochtadh deiridh, d’athdhearbhaigh GoE a argóint nach ndearna an Coimisiún scrúdú oibiachtúil ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte agus ar éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna i margadh an Aontais do tháirgí comhchosúla. Ar an gcéad dul síos, ní chuireann Airteagal 12 den bhun-Rialachán cosc ar an gCoimisiún ath-imscrúdú ionsúcháin a dhéanamh agus, b’fhéidir, na bearta frithdhumpála a mhéadú i gcás ina bhfuil allmhairí ón tír lena mbaineann ag laghdú. Ar an dara dul síos, ní hionann athruithe ar mhéideanna allmhairí iontu féin agus ionsúchán dleachtanna frithdhumpála ná ní bhíonn tionchar ag méideanna allmhairí ar ionsúchán dleachtanna frithdhumpála i dtéarmaí athruithe ar phraghsanna onnmhairiúcháin. Ar an tríú dul síos, cé gur tháinig laghdú ar allmhairí GFF isteach san Aontas tar éis fhorchur na ndleachtanna frithdhumpála, tá siad fós measartha mór agus, mar fhíoras, rinne ceann den dá tháirgeoir onnmhairiúcháin a onnmhairí isteach san Aontas a dhúbailt in AIP. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh seo.
- (22) Mhaígh Vestas Wind Systems A/S (“Vestas”), úsáideoir GFF le linn an ath-imscrúdaithe a bhí bunaithe ar a chuid taifead, gur tháinig méadú ar phraghas FOB agus ar na costais tugtha i dtír a d’íoc Vestas as GFF a allmhairíodh ón Éigipt chuig an Aontas. Maidir leis sin, thug an Coimisiún an méid seo a leanas dá aire. Ar an gcéad dul síos, tá an measúnú a rinne an Coimisiún ar dhíolacháin onnmhairiúcháin bunaithe ar shonraí díolacháin arna mbailiú agus arna bhfíorú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin, sonraí a léiríonn laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin in AIP i gcomparáid le OIP. Ar an dara dul síos, tá measúnú an Choimisiúin bunaithe ar mhéid iomlán na ndíolachán leis na custaiméirí neamhspleácha go léir san Aontas le linn AIP agus OIP faoi seach agus níl sé teoranta d’anailís ar dhíolacháin le custaiméirí aonair. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh a rinne Vestas.
- (23) Thairis sin, d’áitigh Vestas go bhfuil forchur nó méadú dleachtanna frithdhumpála ar GFF contrártha go díreach do leasanna an Aontais. Tugtar faoi deara go bhfuil an t-ath-imscrúdú seo teoranta don chinneadh ar laghdaigh praghsanna onnmhairiúcháin nó an raibh aon ghluaiseacht, nó an raibh gluaiseacht neamhleor, i bpraghsanna athdhíola nó i bpraghsanna díola ina dhiaidh sin san Aontas ar an táirge atá faoi imscrúdú ó forchuireadh na bearta bunaidh agus ina dhiaidh sin, más infheidhme chun an corrlach dumpála a athríomh bunaithe ar na praghsanna onnmhairiúcháin athmheasúnaithe. I gcomhréir le hAirteagal 12 den bhun-Rialachán, ní áirítear gnéithe a bhaineann le leas an Aontais san ath-imscrúdú sin. Dá bhrí sin, díbhtear an maíomh.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ

- (24) Is é an táirge atá faoi imscrúdú fabraicí de chaisiríní snáithíní gloine filiméad leanúnach fite agus/nó fuaite agus/nó snáthanna a bhfuil eilimintí eile iontu nó nach bhfuil, gan táirgí atá tuilithe nó réamhthuilithe (réamhthuilithe) a áireamh, agus gan fabraicí mogaill oscailte a áireamh le cealla oscailte nach faide ná 1,8 mm ná nach leithne ná 1,8 mm araon agus a bhfuil meáchan níos mó ná 35 g/m² iontu, de thionscnamh na hÉigipte agus a thagann faoi chóid AC ex 7019 61 00, ex 7019 62 00, ex 7019 63 00, ex 7019 64 00, ex 7019 65 00, ex 7019 66 00, ex 7019 69 10, ex 7019 69 90 agus ex 7019 90 00 (cóid TARIC 7019 61 00 81, 7019 61 00 83, 7019 61 00 84, 7019 62 00 81, 7019 62 00 83, 7019 62 00 84, 7019 63 00 81, 7019 63 00 83, 7019 63 00 84, 7019 64 00 81, 7019 64 00 83, 7019 64 00 84, 7019 65 00 81, 7019 65 00 83, 7019 65 00 84, 7019 66 00 81, 7019 66 00 83, 7019 66 00 84, 7019 69 10 81, 7019 69 10 83, 7019 69 10 84, 7019 69 90 81, 7019 69 90 83, 7019 69 90 84, 7019 90 00 81, 7019 90 00 83 agus 7019 90 00 84) (“an táirge atá faoi imscrúdú”).

3. TORTHAÍ AN ATH-IMSCRÚDAITHE IONSÚCHÁIN

- (25) Is é is aidhm don ath-imscrúdú ionsúcháin de bhun Airteagal 12 den bhun-Rialachán a shuíomh ar laghdaigh praghsanna onnmhairiúcháin nó an raibh aon ghluaiseacht, nó gluaiseacht neamhleor, i bpragsanna athdhíola nó i bpragsanna díola ina dhiaidh sin san Aontas, ar an táirge a bhí faoi imscrúdú ó forchuireadh na bearta bunaidh. Ar an dara céim, má bhaintear de thátal gur cheart go mbeadh gluaiseachtaí ar na praghsanna sin mar thoradh ar an mbeart, déanfar athmheasúnú ar phraghsanna onnmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 2 den bhun-Rialachán chun deireadh a chur leis an díobháil a suíodh roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 3 den bhun-Rialachán agus déanfar corrlaigh dhumpála a athríomh chun na praghsanna onnmhairiúcháin athmheasúnaithe a chur san áireamh.

3.1. Laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin

- (26) Sa chás sin, bhí an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin a d’onnhairigh chuig an Aontas, bíodh sin go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí gaolmhara, agus bhí an anailís ón gCoimisiún dírithe ar éabhlóid na bpragsanna onnmhairiúcháin in AIP i gcomparáid le OIP.
- (27) Agus á shuíomh an raibh laghdú ar phraghsanna onnmhairiúcháin, shuigh an Coimisiún, i gcás gach cuideachta ar a ndearnadh scrúdú, a costas, a praghsanna onnmhairiúcháin árachais agus last-táillí (CAL) ag teorainn chustaim an Aontais le linn AIP agus chuir sé na praghsanna sin i gcomparáid leis na praghsanna onnmhairiúcháin comhfhreagracha a cinneadh in OIP.
- (28) I gcás gach ceann de na tháirgeoirí onnmhairiúcháin, rinne an Coimisiún comparáid idir praghsanna na gcineálacha táirgí a dhíoltar in AIP leis na cineálacha céanna táirgí a dhíoltar san OIP agus rinne siad an difríocht sna meánphraghsanna ualaithe a ríomh ina leith.
- (29) Ba é an toradh a bhí ar an gcomparáid thuas a rinneadh i gcás an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ghaolmhara ná meánlaghdú ualaithe 12 % ar an bpraghas onnmhairiúcháin i gcás CNBM Group, rud a léirigh *prima facie* go raibh na bearta a bhí i bhfeidhm á n-ionsú.
- (30) Dá bhrí sin, rinneadh corrlaigh dumpála a athríomh, de réir Airteagal 2 den bhun-Rialachán.

3.2. Dumpáil

3.2.1. Réamhrá

- (31) Tar éis a chinneadh go bhféadfadh ionsúchán a bheith ann do CNBM Group, rinneadh an corrlach dumpála a athríomh, de réir Airteagal 2 den bhun-Rialachán.
- (32) I ndáil leis na praghsanna onnmhairiúcháin, úsáideadh na praghsanna onnmhairiúcháin do AIP, a bailíodh agus a fhíoraíodh nó a rinneadh a chros-seiceáil faoi chuimsiú an ath-imscrúdaithe seo, de bhun Airteagal 12(2) den bhun-Rialachán.
- (33) Sa chás sin, onnmhairíonn an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ghaolmhara chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí gaolmhara, atá bunaithe i Hong Cong nó san Aontas.

- (34) I gcás inar onnmhairigh a táirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge faoi imscrúdú go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é a bpraghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh go hiarbhir nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge faoi imscrúdú nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.
- (35) I gcás inar onnmhairigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge faoi imscrúdú chuig an Aontas trí chuideachta ghaolmhar atá ag gníomhú ina n-allmhaireoirí, leagadh síos an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas le haghaidh na gcostas uile a tabhaíodh idir allmhairiúchán agus athdhíol, lena n-áirítear costais SG&A na n-allmhaireoirí gaolmhara atá lonnaithe san Aontas, agus brabús réasúnta (a bunaíodh ag 5 % san imscrúdú bunaidh).
- (36) Úsáidtear gnáthluachanna de réir mar a socraíodh san imscrúdú bunaidh chun corrlaigh dhumpála a ríomh le linn AIP, mura n-iarrtar an gnáthluach a leasú agus athruithe ar AIP á gcur san áireamh faoi Airteagal 12(5) den bhun-Rialachán.
- (37) Sa chás seo, níor iarr na táirgeoirí onnmhairiúcháin go ndéanfaí athbhreithniú ar an ngnáthluach. Dá bhrí sin, is iad na gnáthluachanna a úsáidtear chun an corrlach dumpála a athríomh sa chás seo ná na gnáthluachanna a leagtar síos san imscrúdú bunaidh.
- (38) I gcás Jushi Egypt, díoladh gach cineál táirge a dhíoltar in AIP freisin in OIP agus dá bhrí sin bhí na gnáthluachanna uile ar fáil go héasca. I gcás Hengshi Egypt, níor díoladh dhá chineál táirge a dhíoltar in AIP in OIP. Dá bhrí sin, cuireadh an gnáthluach do na cineálacha táirgí is mó a bhí cosúil le chéile a dhíolann Hengshi Egypt in ionad an ghnáthluacha don dá tháirge sin san imscrúdú bunaidh.
- (39) Mhaígh Hengshi Egypt ina fhreagra ar an nochtadh deiridh nach iomchuí, i gcás ceann amháin de na cineálacha táirgí, an gnáthluach a úsáid ó OIP, ós rud é nach ndearnadh an cineál táirge sin ach mar chuid de tháirgeadh trialach agus gur díoladh i gcainníocht bheag é mar shampla. Ina ionad sin, mhol Hengshi Egypt go n-úsáidfí an gnáthluach ó OIP do cheann eile, a líomhnaítear gurb é an cineál táirge is gaire é.
- (40) Ar an gcéad dul síos, tugtar faoi deara gur suíodh san imscrúdú bunaidh gur táirgeadh an cineál táirge i dtrácht le haghaidh úsáid tráchtála agus gur suíodh an gnáthluach don chineál táirge sin mar is iomchuí agus gur úsáideadh é chun corrlach a ríomh in OIP. Níor chonspóid Hengshi Egypt aon cheann de na cinntí sin san imscrúdú bunaidh. Ar an dara dul síos, bheadh sé gan bhunús dá n-úsáidfí gnáthluach go treallach le haghaidh cineál táirge eile, agus an gnáthluach a bhí bunaithe agus nach raibh faoi chonspóid ann roimhe seo don chineál táirge meaitseála ar fáil. Ní fhéadfaí na ráitis a rinne an chuideachta tar éis an nochtadh dheiridh a fhíorú ach oiread. Dá bhrí sin, áitíonn an Coimisiún gurb é atá sa ghnáthluach don chineál táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar bhonn tráchtála in OIP (cé gur méideanna teoranta iad) agus a chomhfhreagraíonn don chineál táirge a dhíoltar leis an Aontas in AIP ná an seachfhreastalaí is gaire agus is iontaofa a úsáidfear le haghaidh ríomhanna dumpála sa chás seo.
- (41) Ina theannta sin, cé go bhféadfadh Hengshi Egypt athbhreithniú a iarraidh ar an ngnáthluach bunaithe ar Airteagal 12(5) den bhun-Rialachán, dá mba rud é gur mheas sé gur tharla athruithe ar ghnáthluachanna in AIP a raibh athscrúdú tuillte acu, ní dhearna sé amhlaidh. Mar sin féin, cé go gceadaíonn Airteagal 12(5) den bhun-Rialachán athbhreithniú *en bloc* ar an ngnáthluach, ní cheadaíonn sé athmheasúnú roghnach do chineál amháin ná do chúpla cineál táirge roghnaithe. I bhfianaise an méid thuas, ní mór diúltú don mhaíomh a d'ardaigh Hengshi Egypt.
- (42) Mar fhreagra ar an nochtadh deiridh, níor chomhaontaigh Jushi Egypt caitheamh le Jushi Egypt chomh maith le Hengshi Egypt i gcomhpháirt chun críocha Airteagal 12(5) den bhun-Rialachán maidir le hathbhreithniú gnáthluachanna a chur i bhfeidhm. Creideann Jushi Egypt gur cheart go mbeadh a hiarraidh aonair ar athmheasúnú ar an ngnáthluach glactha ag an gCoimisiún.
- (43) Chuir Jushi Egypt in iúl go raibh pragsanna onnmhairiúcháin Hengshi Egypt ag an leibhéal céanna fós le linn OIP cé gur chuir sé féin leis an laghdú ar phraghas onnmhairiúcháin líomhnaithe do CNBM Group iomlán. Mar thoradh ar iarracht Jushi Egypt a chostais in AIP a laghdú, tharla laghdú ar pragsanna onnmhairiúcháin Jushi Egypt, áfach, agus dá bhrí sin bheadh éifeacht chomhionann leis an laghdú ar na costais ar an ngnáthluach. Mar fhocal scoir, áitíonn Jushi Egypt nach raibh a chuid pragsanna onnmhairiúcháin ionsúite, agus dá bhrí sin, ná na pragsanna onnmhairiúcháin CNBM Group ach an oiread. Thairis sin, de réir Jushi Egypt, ba cheart an corrlach aonair dumpála do ghrúpa na cuideachta a bheith bunaithe ar an gcorrlach dumpála athbhreithnithe do Jushi Egypt agus ar an gcorrlach dumpála bunaidh do Hengshi Egypt.

- (44) Ar an gcéad dul síos, mar a leagtar amach in aithris (29), tugtar faoi deara gur bunaíodh laghdú 12 % ar phraghas na n-onnmhairí do CNBM Group ina bhfuil Jushi Egypt agus Hengshi Egypt, arbh é an toradh a bhí air sin na corrlaigh dhumpála a athríomh don dá eintiteas táirgeoirí de bhun Airteagal 12(2) den bhun-Rialachán.
- (45) Ar an dara dul síos, meabhraítear gur luaigh CNBM Group go sainráite nach mbeadh sé ag iarraidh athbhreithniú ar an ngnáthluach le haghaidh a gcuid táirgeoirí onnmhairithe gaolmhara, Jushi Egypt agus Hengshi Egypt. Ina dhiaidh sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh, i gcomhréir le hAirteagal 12 den bhun-Rialachán, le hathríomh a dhéanamh ar na corrlaigh dhumpála bunaithe ar na gnáthluachanna ó OIP.
- (46) Sa tríú háit, de bhun an dara fómhír d'Airteagal 9(5) den bhun-Rialachán, féadfar soláthróirí ag a bhfuil naisc struchtúracha agus chorpáraídeacha atá ann cheana a mheas mar eintiteas aonair chun críche an dleacht frithdhumpála a shonrú. Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil cur chuige aonfhoirmeach ar leibhéal an ghrúpa táirgeoirí gaolmhara le glacadh freisin agus Airteagal 12(5) á chur i bhfeidhm agus ath-imscrúduithe ionsúcháin á ndéanamh. Mura ndéanfaí amhlaidh, d'fhéadfadh toradh díréireach a bheith ar ath-imscrúduithe agus ar chásanna ina n-éalódh na táirgeoirí onnmhairiúcháin as an oibleagáid dleachtanna frithdhumpála (méadaithe) a chur i bhfeidhm i ngeall ar chineálacha cur chuige éagsúla arna gcur i bhfeidhm ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin aonair a bhaineann leis an ngrúpa céanna atá ag na céimeanna tosaigh ath-imscrúduithe ionsúcháin. Tugtar faoi deara freisin maidir le cóireáil Jushi Egypt agus Hengshi Egypt mar a bhaineann leis an ngrúpa corparáideach céanna, tá an cur chuige a ghlac an Coimisiún san ath-imscrúdú seo ag teacht go hiomlán leis an gcur chuige a glacadh san imscrúdú bunaidh. Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, ní mór diúltú do mhaíomh Jushi Egypt.

3.2.2. Comparáid

- (47) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus praghsanna an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha mar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.
- (48) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin de réir na ndifríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh choigeartuithe sa chás seo maidir le hiompar, árachas, láimhseáil, costais lódála, costais chreidmheasa agus muirir bhainc.
- (49) Ina theannta sin, le linn AIP, d'onnmhairigh Hengshi Egypt GFF chuig an Aontas freisin trí thrádálaí gaolmhar atá suite lasmuigh den Aontas, i Hong Cong. Dá bhrí sin, rinneadh choigeartú faoi Airteagal 2(10), pointe (i), freisin do dhíolacháin tríd an gcuideachta thrádála ghaolmhar sin i gcomhréir leis an imscrúdú bunaidh. Ba é a bhí sa choigeartú asbhaint SG&A de chuid na cuideachta thrádála agus brabús 5 % (mar a suíodh san imscrúdú bunaidh).

3.2.3. Corrlach dumpála

- (50) Chun an corrlach dumpála a shuí le haghaidh an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha, rinne an Coimisiún comparáid idir gnáth-mheánluach ualaithe gach cineál den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe de chineál comhfhreagrach an táirge faoi imscrúdú, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.
- (51) Ós rud é go raibh gaol idir an dá tháirgeoirí comhoibríocha, bunaíodh corrlach dumpála amháin bunaithe ar mheán ualaithe a gcorrlach dumpála aonair.
- (52) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas an chostais, árachais agus last-táille ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíochta, arna bhforbairt mar seo a leanas:

| Ainm na cuideachta | Corrlach Dumpála in OIP (%) | Corrlach Dumpála in AIP (%) | Méadú ar an gCorrlach Dumpála (p.p.) |
|--------------------|-----------------------------|-----------------------------|--------------------------------------|
| CNBM Group | 20 | 33,1 | 13,1 |

3.2.4. Leibhéal díchuir na díobhála

- (53) Chinn an Coimisiún ansin an leibhéal díothaithe díobhála bunaithe ar chomparáid idir meánphraghas ualaithe allmhairiúcháin CNBM Group atá bunaithe in AIP agus meánphraghas neamhdhíobhalach ualaithe den táirge comhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais mar a bunaíodh le linn an OIP. Aon difríocht a tháinig chun cinn ón gcomparáid sin, sloinneadh í mar chéatadán de mheánluach ualaithe allmhairí CAL.
- (54) Ar an mbonn sin, mhéadaigh an corrlach díobhála do CNBM Group ó 63,9 % go 109,3 %.
- (55) Mar fhreagra ar an nochtadh deiridh. Mhaígh CNBM Group agus GoE faoi threoir leibhéal laghdaithe na n-allmhairí ón Éigipt agus an laghdú ar sciar margadh CNBM agus an laghdú ar sciar margaidh CNBM san Aontas dá bharr sin go bhfuil cosaint mhaith tugtha cheana féin ag na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm do thionscal an Aontais, a théarnaigh nó a raibh deis acu téarnamh ón díobháil ábhartha líomhnaithe. Agus tagairt á déanamh d'imscrúdú comhthreomhar frith-imchéimniúcháin ⁽⁷⁾, mhaígh CNBM Group freisin go raibh praghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ag dul i méid, rud a léiríonn go raibh téarnamh faighte ag tionscal an Aontais ón díobháil ábhartha. Chuir CNBM Group i gcoinne na modheolaíochta a d'úsáid an Coimisiún chun na corrlaigh shladghearrtha agus tearcdhíola a ríomh, ag tagairt dá n-aighneachtaí san imscrúdú bunaidh chomh maith le dhá bhreithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais ina leith sin ⁽⁸⁾. Ina theannta sin, chuir GoE isteach mar fhreagra ar an nochtadh deiridh, agus é ag athbhreithniú corrlach díothaithe na díobhála, gur bhain an Coimisiún úsáid as leibhéal difriúil trádála chun praghsanna a chur i gcomparáid agus, dá bhrí sin, gur mhainnigh sé gníomhú go comhsheasmhach le hAirteagal 3 de ADA maidir le comparáid chothrom.
- (56) Mar a leagtar amach in aithris (20), tá an t-ath-imscrúdú seo teoranta do ghnéithe dumpála amháin. Rinneadh leibhéal an díothaithe díobhála a athríomh chun na rialacha ábhartha maidir le leibhéal na dleachta a chomhlíonadh ina n-iomláine, agus chuige sin amháin, agus ní féidir leis difear a dhéanamh do thoradh an ath-imscrúdaithe sin, toisc go bhfuil na dualgais san imscrúdú bunaidh agus san ath-imscrúdú araon socraithe ar leibhéal an chorrailigh dumpála (féach an aithris (58) le haghaidh tuilleadh mionsonraí). Maidir le húsáid faisnéise ó imscrúdú comhthreomhar, ní mór a thabhairt faoi deara go dtagraíonn CNBM d'imscrúdú difriúil agus d'fhaisnéis nach bhfuil ar fáil ar an gcomhad cáis sa chás seo. Dá bhrí sin, fiú dá mbeadh an fhaisnéis sin ábhartha chun críocha an cháis seo (rud nach bhfuil), ní héadfaí í a úsáid sa chás seo. I bhfianaise an mhéid thuas, ní mór diúltú do mhaíomh CNBM Group agus GoE.

4. CONCLUÍD

- (57) Tháinig méadú ar an gcorrlach dumpála arna ríomh do AIP i gcomparáid leis an gcorrlach a leagtar síos in OIP. Dá bhrí sin, ba cheart bearta frithdhumpála arna bhforchur ar allmhairí an táirge atá faoi imscrúdú ag CNBM Group a leasú i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den bhun-Rialachán.
- (58) I gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart méid na ndleachtanna a shocrú ar leibhéal an chorrailigh dumpála. San imscrúdú frith-fhóirdheontais bunaidh ⁽⁹⁾, ní dhearna an Coimisiún frithchúiteamh ar aon scéim fóirdheontas teagmhasach onnmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ (an bun-Rialachán Frith-fhóirdheontais). Dá bhrí sin, ní gá an dleacht frithchúitimh a asbhaint chun an dleacht frithdhumpála nua a chinneadh.
- (59) Dá bhrí sin, is mar seo a leanas a bheidh ráta leasaithe na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis an nglanphraghas saor ag teorainn an Aontais roimh dhleacht:

⁽⁷⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2230 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena dtionscnaítear imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbearta frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún maidir le hallmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte trí allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe a choinsínítear ón Tuirc, dearbhaítear gur de thionscnamh na Tuirce iad nó ná dearbhaítear, agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe (IO L 448, 15.12.2021, lch. 58).

⁽⁸⁾ Cás T-242/19, *Giant Electric Vehicle Kunshan v. An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2022:259, mír 90; Cásanna T-30/19 agus T-72/19, *CRIA agus CCCMC v. an Coimisiún*, ECLI:EU:T:2022:266, mír 153.

⁽⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776.

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55).

| Cuideachta | Corrlach dumpála cinntitheach |
|----------------------|-------------------------------|
| CNBM Group | 33,1 % |
| Gach cuideachta eile | 33,1 % |

- (60) Mar fhreagra ar an nochtadh deiridh, d'áitigh na hiarratasóirí gur cheart don Choimisiún a lánrogha iomlán a úsáid agus an dleacht frithdhumpála a dhúbailt mar gheall ar an méadú ollmhór ar an sladghearradh.
- (61) Tugtar faoi deara gur ghníomhaigh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 9(4) agus le hAirteagal 12(2) agus (3) den bhun-Rialachán trí athríomh a dhéanamh ar an gcorrlach dumpála chun na praghsanna onnmhairiúcháin níos ísle a chur san áireamh agus chun an dleacht frithdhumpála athbhreithnithe a shocrú ar leibhéal an chorroiligh dumpála a leagtar síos. Tá an Coimisiún faoi cheangal ag na forálacha sin agus i gcontráthacht le maíomh na n-iarratasóirí ní bhíonn aon rogha aige maidir leis an dleacht a shocrú thar leibhéal an chorroiligh dumpála sa chás seo. Dá bhrí sin, níl aon bhunús dlí ag maíomh na n-iarratasóirí agus ní mór é a dhíbhe.
- (62) An 17 Bealtaine 2022, nocht an Coimisiún na fíricí agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn sin a bhí sé beartaithe aige dleacht chinntitheach frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí GFF de thionscnamh na hÉigipte. Ceadáíodh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh. Rinneadh breithniú ar na barúlacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin ag na páirtithe leasmhara agus tógadh san áireamh iad i gcás inarb iomchuí.
- (63) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492, cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(1) agus (2):

“1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí fabraicí de chaisiríní snáithíní gloine filiméad leanúnach fite agus/nó fuaite agus/nó snáthanna a bhfuil eilimintí eile iontu nó nach bhfuil, gan táirgí atá tuilithe nó réamhthuilithe (réamhthuilithe) a áireamh, agus gan fabraicí mogaill oscailte a áireamh le cealla oscailte nach faide ná 1,8 mm ná nach leithne ná 1,8 mm araon agus a bhfuil meáchan níos mó ná 35g/m² iontu, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte, a thagann i láthair na huaire faoi chóid AC ex 7019 61 00, ex 7019 62 00, ex 7019 63 00, ex 7019 64 00, ex 7019 65 00, ex 7019 66 00, ex 7019 69 10, ex 7019 69 90 agus ex 7019 90 00 (cóid TARIC 7019 61 00 81, 7019 61 00 83, 7019 61 00 84, 7019 62 00 81, 7019 62 00 83, 7019 62 00 84, 7019 63 00 81, 7019 63 00 83, 7019 63 00 84, 7019 64 00 81, 7019 64 00 83, 7019 64 00 84, 7019 65 00 81, 7019 65 00 83, 7019 65 00 84, 7019 66 00 81, 7019 66 00 83, 7019 66 00 84, 7019 69 10 81, 7019 69 10 83, 7019 69 10 84, 7019 69 90 81, 7019 69 90 83, 7019 69 90 84, 7019 90 00 81, 7019 90 00 83 agus 7019 90 00 84).

2. Is é seo a leanas an dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir leis an nglanphraghas saor ag teorainn an Aontais roimh dhleacht, i gcás an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus a tháirgtear ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

| Tír lena mbaineann | Cuideachta | Dleacht frithdhumpála chinntitheach | Cód breise TARIC |
|------------------------|---|-------------------------------------|------------------|
| Daon-Phoblacht na Síne | Jushi Group Co. Ltd; Zhejiang Hengshi Fiberglass Fabrics Co. Ltd; Taishan Fiberglass Inc. | 69,0 % | C531 |

| Tír lena mbaineann | Cuideachta | Dleacht frithdhumpála chinntitheach | Cód breise TARIC |
|--------------------|--|---|-----------------------|
| | PGTEX China Co. Ltd; Chongqing Tenways Material Corp. | 37,6 % | C532 |
| | Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú le himscrúdú frith-fhóirdheontais agus frithdhumpála araon arna liostú in Iarscríbhinn I | 37,6 % | Féach Iarscríbhinn I |
| | Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú in imscrúdú frithdhumpála ach gan in imscrúdú frith-fhóirdheontais arna liostú in Iarscríbhinn II | 34,0 % | Féach Iarscríbhinn II |
| | Gach cuideachta eile | 69,0 % | C999 |
| | An Éigipt | Jushi Egypt For Fiberglass Industry S.A.E; Hengshi Egypt Fiberglass Fabrics S.A.E. | 33,1 % |
| | Gach cuideachta eile | 33,1 % | C999" |

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN